

Gníomhaíocht Daltaí: Éagothromóidí i gcomhthéacs

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Éagothromóidí i gcomhthéacs', ar CD an Dalta.



Nótáil: Is é an tloncam, an t-airgead a fhaightear nuair a dhíoltar na seaicéid.

1. Staid airgeadais gnólacht spórt, sin é atá á léiriú thuas. Cén dá chineál costas a bhíonn ar an ngnólacht leis na seaicéid a dhíolann siad?
-
-

2. Cén tionchar a bhíonn ag an líon seaicéad a dhíoltar ar an gcostas seasta?
-
-

3. Cén tionchar a bhíonn ag an líon seaicéad a dhíoltar ar chostas táirgthe gach seaicéad a dhíoltar?
-
-

Tugtar an t-eolas thíos duit: (Glac leis go ndíolann an gnólacht gach seaicéad a tháirgeann siad.)

- $x = \text{an líon seaicéad a dhíoltar}$
- $\text{an costas seasta} = €50$
- $\text{an costas táirgthe sa seaicéad} = €3.70$
- $\text{an praghás díola sa seaicéad} = €6$

- a. Scríobh foirmle i dtéarmaí x faoi chostas iomlán na seaicéad a dhíoltar.
-

- b. Scríobh cothromóid faoin ioncam i dtéarmaí x.
-

- c. Cé acu éagothromóid díobh seo a léiríonn an coibhneas idir na costais iomlána agus an t-ioncam nuair a dhéantar brabús? Mínigh do fhreagra.

$$50 + 3.7x < 0$$

$$50 + 3.7x \leq 6x$$

$$6x > 0$$

$$50 + 3.7x \geq 6x$$

$$50 + 3.7x < 6x$$

- d. Réitigh an éagothromóid a léiríonn an coibhneas idir an costas iomlán agus an t-ioncam nuair a dhéanann an gnólacht brabús.
-
-
-
-

- e. Caithfidh úinéir an ghnólachta cinneadh a dhéanamh faoin íosmhéid seaicéad is gá a tháirgeadh chun go ndéanfaidh siad brabús. Cén cuidíú é an freagra ar an gcuid roimhe seo?
-
-
-

- f. Céard a chialláonn "an pointe Meá ar Mheá"? Cén coibhneas atá idir an costas iomlán agus an t-ioncam ag an bpointe sin?
-
-
-

- g. Scríobh an brabús i dtéarmaí x.

- h. Scríobh i dtéarmaí x an éagothromóid a léiríonn an cás ina ndéanfaidh an gnólacht brabús €200 ar a laghad ar na seaicéid.
-

- i. Réitigh an éagothromóid thusa.
-
-
-
-

- j. Cén t-eolas a thugann réiteach na héagothromóide sin d'úinéir an ghnólachta?
-

4. Comhlánaigh an tábla seo do ghnólacht atá ag brath seaicéad nua a tháirgeadh agus a bhfuil an t-eolas thíos acu. (Glac leis go ndíoltar gach seaicéad a tháirgeann siad.)
- x = an lín seaicéad a dhíoltar
 - costas seasta = €100
 - an costas tárgthe sa seaicéad = €5
 - an praghas díola sa seaicéad = €10.

| lín seaicéad a tháirgtear | costas seasta | an costas tárgthe i gcás gach seaicéad a dhéantar | an costas iomlán | ioncam | brabús |
|---------------------------|---------------|---|------------------|--------|--------|
| 0 | | | | | |
| 10 | | | | | |
| 20 | | | | | |
| 30 | | | | | |
| 40 | | | | | |

- a. Tarraing, ar an ngrapfháipéar thíos, an líne a sheasann don chostas seasta i gcás na seaicéad sin. Lipéadaigh dhá ais an ghraif go soiléir.
- b. Tarraing, ar an léaráid chéanna, an líne a sheasann do chostas iomlán na seaicéad.
- c. Tarraing, ar an léaráid chéanna, an líne a sheasann don ioncam i gcás na seaicéad sin.
- d. Tarraing, ar an léaráid chéanna, an líne a sheasann don bhrabús i gcás na seaicéad.

- e. Cén pointe ar do léaráid ag a dtosaíonn an gnólacht ag déanamh brabúis ar na seaicéid sin?

f. Scríobh an costas iomlán i dtéarmaí x , an líon seaicéad a táirgeadh.

g. Scríobh an t-ioncam i dtéarmaí x , an líon seaicéad a táirgeadh.

h. Scríobh éagothromóid a léiríonn an gnólacht ag déanamh brabúis i dtéarmaí x, an lín seaicéad a táirgeadh.

i. Réitigh an éagothromóid thuas.

- j. Cén t-eolas a thugann réiteach na héagothromóide i gcomhthéacs an ghnólachta?

-
-
- k. Céard é an líon is lú seaicéad is gá dóibh a tháirgeadh ionas go mbeidh pointe meá ar mheá ann (nó brabús má tháirgeann siad níos mó ná sin)?

- l. Faigh ón léaráid an brabús a dhéanfaidh an gnólacht má tháirgeann siad 120 de na seaicéid sin.

- m. Cén slonn a léireodh brabús nó caillteanas i dtéarmaí x , an líon seaicéad a táirgeadh?

-
- n. Cén éagothromóid a léireodh cás ina ndéanfadh an gnólacht brabús €200 ar a laghad nuair a dhíolann siad na seaicéid sin?

-
- o. Réitigh an éagothromóid thusa.

- p. Cén t-eolas a thugann réiteach na héagothromóide sin i gcomhthéacs an ghnólachta?
